



An Dara Háit sa Chatagóir Shinsearach
Chroídhia Myers
Lusk Community College, Lusk, Co. Dublin

The GAA is at the heart of who we are

Páiste beag, uaigneach. Páiste gan cara nó aidhm. Is cailín í. Cailín ciúin agus cailín gan misneach.

Síos leí go dtí an chlub beag síos an mbóthar. Bhí plean ag a máthair. “Níl mé ag iarraidh a mháthair, nach féidir liom fanacht sa bhaile? Ní féidir liom peil a imirt ar ar chor ar bith!” Ina hintinn féin, bhí a fhios aici go nach mbeidh sí in ann cic a thabhairt don liathróid fiú! Bhí faitíos uirthi níl aon chairde aici anseo!

Isteach leí agus go tobann, mhothaigh sí an-mí chompordach. Is botún mór é seo. Bhí na cailíní go léir ag féachaint uirthi. Chuala sí cúpla cailín ag gáire sa chúinne agus bhí cairde ag gach duine eile. Thuig sí anois go bhfuil a naoi, aois píosa sean chun tosnú ag imirt peil ach bhí sé ró-dhéanach anois.

Thug ceann de na cóitseálaithe liathróid di agus bhí an ceart aici mar ní raibh sí ábalta fiú cic a thabhairt don liathróid. Bhí sé ansin nuair a bhí náire an domhain uirthi gur rinne sí gealltanais leí féin. “Tá mé chun a bheith ceann de na peileadóirí is fearr”. Seo geallantas mhór ach ba chuma leí.

Ón lá sin ar aghaidh, bhí sí ocrasach rath a fháil. D’athraigh sí a saol agus anois, bhí aidhm aici ina saol. Rinne sí cairde nua ar a foireann. D’fhág a lán cailíní an fhoireann agus bhí uimhreacha beaga ar an bhfoireann. Thosaigh sí spóirt nua chun cabhrú lena chuid corpacmhainn agus luas. Thosaigh sí ag féachaint ar chluichí ar an teilifís agus í ag iarraidh foghlaim ó na himreoirí iontacha. Bhí a teaghlach anois bainteach sa chlub agus sa spóirt agus bhí teaghlach nua aici lastigh den chlub. Ba chailín iomlán difriúil í. Bhí sí compordach ina craiceann féin. Bhí an CLG ina croí.

D’oibrigh sí chomh díon agus tar éis cúig bhliain, bhí seans aici dul go dtí na trialacha le haghaidh foireann Bhaile Átha Cliath. Bhí sí réidh chun a brionglóid a leanadh.

Ach níor éirigh leí an chéad uair, nó an dara uair, nó an tríú. D’fhéach sí ar na cailíní eile agus níor thuig sí cén fáth nach raibh sí go leor don fhoireann. Bhí sí réidh chun éirigh as agus gan peil a imirt arís mar cheap sí anois “Ní pheileadóir maith mé, níl mé ceart don fhoireann”. Ach ansin, smaoinigh sí, “Cad a tharlaíonn nuair a chailleann an fhoireann cluiche? Téann siad ar ais ag imirt agus bíonn siad réidh an chéad uair eile, ní féidir liom stopadh anois tá níos mó seansanna ar fáil dom”. Smaoinigh sí “Gan peil gaelach, ní bheidh na scileanna seo agam, ní bheidh na cairde seo agam, ní bheidh an misneach seo agam agus ní bheidh an croí céanna agam gan an spóirt seo”. “Chabhraigh an peil liom déileáil le mo mheabhairsláinte féin agus gan é, ní bheidh mé an cailín croí-láidir agus sásta atá mé inniu”. “Gan an sport seo, beidh mé fós an cailín ciúin agus uaigneach gan aidhm ar bith ina saol.

Cá bhfuil an cailín seo anois? Bhuel, is mise an cailín sin a bhí ciúin agus gan misneach. D’fhoghlaim mé fúmsa ón spóirt seo. Níor éirigh mé as agus níor stop mé. Bíonn laethanta deacair agam agus níl mé ansin fós ach ní stopfaidh me go dtí go sroicheim an áit a bhfuilim ag iarraidh dul agus sin é an geall atá mé ag déanamh inniu. Gan an CLG, ní bhéinn an duine céanna is atá mé inniu mar is é an CLG an croí de mo shaol.